**Admháil go bhfuarthas ilghearán maidir le luach saothair breithiúna agus foirne cúirte san Ungáir - CPLT(2024)01809**

Tá líon mór gearán faighte ag an gCoimisiún ina léirítear ábhair imní maidir le leibhéal luacha saothair na mbreithiúna agus na foirne cúirte san Ungáir agus maidir leis an easpa innéacsaithe uathoibríoch ar luach saothair den sórt sin.

Rinne an Coimisiún na gearáin sin a iontráil i gclárlann lárnach na ngearán faoin uimhir thagartha CPLT(2024)01809.

A mhéid a bhaineann leis na forbairtí náisiúnta a luaitear sna gearáin, déanfaidh an Coimisiún, mar chaomhnóir na gConarthaí, anailís chúramach ar an ábhar chun a chinneadh an sáraíonn na forbairtí a thuairiscítear dlí an Aontais, lena n-áirítear prionsabal an neamhspleáchais bhreithiúnaigh i gcás inarb infheidhme.

I bhfianaise líon suntasach na ngearán a fuair sé faoin ábhar seo, tá an admháil fála seo á foilsiú ag an gCoimisiún ar an leathanach tiomnaithe den suíomh gréasáin Europa. Leis an bhfoilsiú seo ar líne is féidir freagairt go tapa agus iad siúd lena mbaineann a chur ar an eolas, agus cuirtear san áireamh leis go bhféadfadh an pobal i gcoitinne leas a bheith acu sa tsaincheist a tharraing na gearánaigh aníos. Is ar an suíomh gréasáin céanna Europa a gcuirfear na gearánaigh ar an eolas faoi thorthaí an scrúdaithe atá á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na gearáin sin agus faoi aon bheart leantach a chinnfidh an Coimisiún a dhéanamh.

Tá na gearáin á mbreithniú ag an gCoimisiún i bhfianaise dhlí an Aontais Eorpaigh is infheidhme agus i gcomhréir leis na tosaíochtaí forfheidhmiúcháin a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal '*EU law: Better Results through Better Application*' [Dlí an Aontais Eorpaigh: Torthaí níos fearr a bhuí le cur i bhfeidhm níos fearr][1] agus sa Teachtaireacht dar teideal *'Enforcing EU law for a Europe that delivers'* [Dlí an Aontais a fhorfheidhmiú ar mhaithe le hEoraip a dhéanann beart de réir a bhriathair][2].

Tabhair do d'aire, má chinneann an Coimisiún gníomhú ar na gearáin sin, lena n-áirítear tús a chur le nós imeachta foirmiúil um shárú, is é is príomhchuspóir dó a áirithiú go dtabharfaidh na Ballstáit éifeacht do dhlí an Aontais ar mhaithe leis an leas ginearálta. Gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ní réiteoidh sé sin go díreach cás sainiúil aonair an ghearánaigh. Chun sásamh a fháil, cúiteamh san áireamh má tá sin dlite duit, ba cheart duit dul chun caingne ar an leibhéal náisiúnta sa Bhallstát lena mbaineann. Nuair a chuirtear gearán faoi bhráid an Choimisiúin, ní chuirtear ar fionraí na teorainneacha ama maidir le tús a chur le caingean dlí faoin dlí náisiúnta.

Is é an réamhshocrú atá ann gur faoi rún a dhéileálfaidh ranna an Choimisiúin le gearáin. An cás ina roghnódh gearánach san fhoirm ghearáin nach faoi rún a dhéileálfaí lena chuid sonraí, sin é an t-aon chás amháin ina bhféadfadh ranna an Choimisiúin céannacht an ghearánaigh maille le haon fhaisnéis eile a chuir an gearánach sin faoina mbráid a nochtadh d'údaráis an Bhallstáit a ndearnadh an gearán ina choinne. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé a bheith fíor-riachtanach go nochtfadh ranna an Choimisiúin céannacht an ghearánaigh chun déileáil leis an ngearán.

Tá ráiteas príobháideachais sonrach i bhfeidhm maidir le láimhseáil na ngearán.

---

[1] C(2016)8600.

[2] COM(2022) 518 final.